## POINTE TOSAITHE

- Cén tábhacht a bhainfeadh le "gabháil trí dhúiche na Samáire" duit féin?
- Cad é a d'fhéadfá a fhoghlaim ó eaglaisí eile?

## AN BRIATHAR – LÉAMHA

| | |
|---|---|
| Geineasas 24:10-33 | Abrahám agus Ribeacá ag an tobar. |
| Salm 42 | An fia ar thóir an tsrutháin reatha. |
| 2 Corantaigh 8:1-7 | Flaithiúlacht eaglaisí na Macadóine. |
| Eoin 4:1-4 | 'Níorbh fholáir dó gabháil trí dhúiche na Samáire'. |

## ÁBHAR MACHNAIMH (www.ctbi.org.uk/commentary)

- Bhí éagsúlacht ciní agus creidimh sa tSamáir, agus sheachain daoine áirithe é mar gheall air sin.
- Dúirt Eoin ina shoiscéal gurbh fholáir d'Íosa "gabháil trí dhúiche na Samáire", gan aon dul as aige ach bualadh le muintir na háite ann.
- Thaispeáin Íosa go bhfásaimid nuair a bhímid oscailte do dhaoine atá éagsúil linn féin.

## SMAOINEANTACHAS

Go dtí gur imigh na deich dtreabh ón tuaisceart,
ár bhfágáil mar dhá stát leamha ar tí a scriosta,
bhí ár n-impireacht leata ón Éigipt go dtí an Eofrait, agus bhíomar láidir aontaithe.
Bhí smacht againn ar an domhan.

'Níl oidhreacht in Dáithí', ar siad, íola óir, ba dhóigh leat, á gcur suas acu, agus an uair sin, teampall adhradh bréagach ar Shliabh Gheirizím.

Bhí smacht ag an domhan orthu agus orainne.

Ba scarthaigh agus ba eiricigh iad,
agus scar siad féin amach.

Táimidne dílis dár nglaine dheasghnách, agus diúltóimid d'aon chaidreamh le baill chlann Dé a shalaigh féin ar an tslí seo.

## PAIDIR

a Dhia gach pobal;
tabhair dúinn an neart agus an misneach
gabháil tríd an tSamáir,
áit a mbuailfimid lenár ndeartháireacha
agus lenár ndeirfiúracha ó eaglaisí eile.
Lig dúinn dul ann agus croí mór ionainn,
agus beimid ag foghlaim óna chéile.
In ainm Íosa a ghuímid. **Amen.**

## ÉIRIGH AGUS IMIGH (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Bíodh comhrá agat le duine ó aicme chreidimh eile faoi bhur gcuid prionsabal ó thaobh an chreidimh de.
- Breac síos liosta áiteanna atá ar eolas agat agus a d'fhulaing de bharr coimhlinte. Faigh cruinneog nó atlas, agus aimsigh gach ceann de na háiteanna, paidir á rá agat ar son gach ceann acu.
- Foghlaim a thuilleadh faoi líonraí áitiúla thrasfhoirmiú coimhlinte.

# Lá 2

**Mar go raibh Íosa traochta ón aistear, shuigh sé ar an tobar (Eoin 4:6)**

## POINTE TOSAITHE

- Cad is cúis leis na coimhlintí idir bhur n-eaglaisí?
- Cad is 'fíoradhraitheoir' ann?
- Cad is cúis leis an gcomórtas idir bhur n-eaglaisí?

## AN BRIATHAR – LÉAMHA

| | |
|---|---|
| Geineasas 29:1-14 | Iacób agus Ráchael ag an tobar. |
| Salm 137 | Cén leagan d'amhrán an Tiarna a chanfaí ar an gcoigríoch? |
| 1 Corantaigh 1:10-18 | Déarfaidh gach duine agaibh 'leanaimse Pól' nó 'leanaimse Apallós'. |
| Eoin 4:5-6 | Bhí Íosa 'traochta ón aistear'. |

## ÁBHAR MACHNAIMH (www.ctbi.org.uk/commentary)

- Bhí traochadh ar Íosa mar gheall ar an turas ó Iúdáia mar ar tháinig ann do chonspóid nuair a bhaist Íosa roinnt de na deisceabail.
- Bhíodh na Samáraigh ag adhradh ag tobar Iúdáia áit ar bhuail Íosa leis an Samárach mná a cheistigh Íosa maidir la háiteanna adhraithe.
- Tá fadhbanna sa Bhrasaíl maidir le heaspa muiníne agus easpa creidiúnachta de bharr na hiomaíochta agus an fhoréigin a tháinig le heisiachais agus le líon mór daoine a bheith ag maireachtáil taobh le chéile.

## SMAOINEANTACHAS

An le *Ex Patre*
nó le *Ex Patre Filioque* a thagann an spiorad?
Conas a thuilleann peacaithe slánú dóibh féin – trí chreideamh amháin, nó trí ghníomhartha breise?

Cad é a thiteann amach sa chomaoineach?
– tras- nó comh- substaintiú?
An é nach bhfuil ann ach cuimhneachas, nó an amhlaidh go bhfuil sé níos giorra d'fhíorúlachas Chailvín?

An bhfuil ár gcuid rialachais
Easpagóideach,
corparáideach nó Preispitéireach?
Ar cheart leanaí a bhaistiú go dall nó ar cheart iad gan ach daoine a chreideann cheana féin a thumadh síos faoin uisce?

Mhaith Dia an *impasse* in aisce:
'leanaimse Pól, agus leanaimse Céafas',
nach ait mar a shracaimid lánmhaireacht Íosa as a chéile, ag milleadh a chasóige gan uaim.

A Thiarna, feiceann tú go ndearnadh giobail de d'eaglais;
cabhraigh linn tuiscint a bheith againn ar cad é atá tábhachtach.

Cuir le chéile arís sinn ionas go mbeimid ábalta oibriú ar son ghrá Dé agus na gcomharsan.

## PAIDIR

A Dhia an ghrásta,
Is minic ár gcuid eaglaisí curtha ar bhóthar na hiomaíochta.
Maith dúinn an peaca seo.
Táimid traochta ag an bhfonn síoraí an chéad áit a bhaint amach.
Lig dúinn ár scíth a ligean ag láthair an tobair.
Tabhair athbhrí dúinn trí uisce na haontachta atá le fáil i dtobar na bpaidreacha coitianta.
Guímid leat in ainm Íosa. Amen.

## ÉIRIGH AGUS IMIGH (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Smaoinigh ar bhur gcúlráid eaglaise a eagrú i bhfoirgneamh de chuid aicme chreidimh eile sa cheantar – agus iarr ar an eagraíocht óstach sóláistí éagsúla a chur ar fáil daoibh (Eoin 4:7). Abair leo go ndéanfaidh sibh féin an gar céanna dóibhsean am éigin eile.
- Bíonn sé contúirteach do mhná agus do chailíní in áiteanna áirithe ar fud an domhain dul faoi dhéin uisce. Tacaigh le hiarrachtaí na n-eagraíochtaí atá ag obair le foinsí uisce a chur ar fáil a mbeidh teacht shabháilte orthu.

## POINTE TOSAITHE

- Cad iad na tréithe a bhaineann le heaglais mhaith?
- Cad é an cóimheas inscne in bhur n-eaglais?

## AN BRIATHAR – LÉAMHA

| | |
|---|---|
| 2 Ríthe 17:24-34 | An tSamáir i ngéibheann ag an Aisiria. |
| Salm 139:1-12 | 'Scrúdaíonn tú mé, a Thiarna, agus is eol duit mé' |
| Rómhánaigh 7:1-4 | 'Fuair sibh bás mar leis an dlí trí chorp Chríost' |
| Eoin 4:16-19 | 'Níl fear agam' |

## ÁBHAR MACHNAIMH (www.ctbi.org.uk/commentary)

- Bhí tuiscint ag Íosa ar chás na mná, ach stiúr sé í amach as, agus thainig athrú ar a dearcadh.
- Imíonn constaicí cultúir agus éagsúlachtaí creidimh agus tagann ann don teagmháil mhuiníneach.
- Chuir gníomhartha Íosa in éadan dearcaí a bhaineann de mhná agus a laghdaíonn iad.

## SMAOINEANTACHAS

Is túisce tíoránach na scéal.

Ní ar na fir a bhíonn an locht riamh, nó sin é a deireann na scrioptúir linn.

Faoi mar a thagann na leamhain ón éadach is ea a thagann an drochrud ó na mná.

Caithfimid mar sin cumhacht a dhiúltú dóibh,
pá a bhaint díobh,
iad a dhíbriú chun na gcistiní,
iad a chur ag glanadh na gcófraí,
agus diagacht dhá leibhéal a chothú,
íochtaránacht agus náire,
agus é seo in ainm an té
a d'aisiompaigh
an Titim,
an té nach n-aithníonn
éagsúlachtaí inscne.

[1] Sirach 42:13

## PAIDIR

A Thiarna an aiséirithe,
cabhraigh linn tuiscintí teoranta ar an duine aonair a fhágáil inár ndiaidh,
trínár bpeacaí a aithint,
agus an diagaire a fheiceáil ina chéile.
In ainm Íosa a ghuímid. **Amen.**

## ÉIRIGH AGUS IMIGH (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Thuairiscigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur minice a mharaítear agus a fhágtar mná faoi mhíchumas mar gheall ar fhoiréigean ná mar a mharaítear iad le rudaí mar ailse, cogaí, maláire, timpistí bóthair le chéile. Tóg beagáinín ama le smaoineamh ar an uafás seo, agus déan iarracht freagra a shamhlú.
- Faigh amach an bhfuil tearmann do mhná i do cheantar, agus fiafraigh de na heaglaisí i do cheantar a bhfuil aon slí le tacaíocht a thabhairt dóibh.

# Lá 4

**'Lig an bhean an crúsca uaithi ansin' (Eoin 4:28)**

## POINTE TOSAITHE

- Cad é atá naofa i do thraidisiún Críostaí?
- Cad é atá i naofa i dtraidisiúin Chríostaí eile?

## AN BRIATHAR – LÉAMHA

| | |
|---|---|
| Geineasas 11:31-12:4 | Geallann Dia náisiún mór beannaithe a dhéanamh d'Abrám. |
| Salm 23 | Is é an Tiarna m'aoire. |
| Gníomhartha 10:9-20 | 'An ní atá íonghlanta ag Dia ná tabhairse rud neamhghlan air' |
| Eoin 4:25-28 | 'Lig an bhean an crúsca uaithi ansin'. |

## ÁBHAR MACHNAIMH (www.ctbi.org.uk/commentary)

- D'imigh Íosa, strainséir Giúdach, agus an bhean ón ngnáthchleachtadh agus rinne siad caidreamh nua.
- Scar an bhean leis an gcrúsca agus leis an an ról a bhí curtha ag a sochaí uirthi mar thoradh ar bhronntanas Íosa.
- I soiscéal Eoin, is í an bhean a chéad duine a thugann an Meisias ar Íosa.

## SMAOINEANTACHAS

A Nua-Iosrael, féach bhur
gcuid déithe,
bhur bhfoirgnimh agus
struchtúir, féach
an dá laoi órga a ndéanann
sibh adhradh orthu.

Na foirgnimh a mholann
sibh de shíor mar na cinn is
sine, is mó, is teo, is com-
pordaí, is praiticiúla, agus is
fáiltí dá bhfuil;
na struchtúir a bhfuil sibh
cinnte de gurb iad is aspalda,
is scriptúrtha, is traidisiúnta,
agus is daonlathaí;
is iad is socra gan dabht.

Agus lasmuigh de na nithe
seo,
na fothraigh ón am a
caitheadh,
níl slánú le fáil.

Cosnóidh sibh iad go dté
sibh i gcré, agus Dia an
chaidrimh mhuinínigh ag
fónóid fúibh.

## PAIDIR

a Dhia an ghrá,
Cabhraigh linn foghlaim ó scéal Íosa agus an tSamáraigh,
a léiríonn mar is féidir leis an teagmháil grásta nua a fhorbairt ionainn.
Cabhraigh linn an eagla a shárú agus sinn ag tabhairt freagra ar ghlaoch do mhic.
In ainm Íosa a ghuímid. **Amen.**

## ÉIRIGH AGUS IMIGH (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Éilíonn dúshláin an athraithe aeráide go bhforbróimid caidreamh nua leis an gcomhshaol. Eagraigh tionóil eaglaisí éagsúla chun na rudaí is ansa libh faoin domhan seo a phlé le chéile, ag caint ar an gcineál domhain a theastaíonn ó gach duine san am atá romhainn. Foghlaim a thuilleadh: www.fortheloveof.org.uk
- Eagraigh do phobal eaglaisí chun tabhairt faoin troscadh aeráide ar an gcéad lá den mhí.

## POINTE TOSAITHE

- Cén chabhair atá ag teastáil ó d'eaglais?
- Conas gur féidir cur ina luí ar eaglaisí glacadh le cabhair óna chéile?

## AN BRIATHAR – LÉAMHA

| | |
|---|---|
| Geineasas 46:1-7 | Insíonn Dia d'Iacób gan eagla a bheith air dul síos go dtí an Éigipt. |
| Salm 133 | Nach maith agus nach aoibhinn é go mbeadh bráithre ina gcónaí le chéile. |
| Gníomhartha 2:1-11 | Lá na Cincíse. |
| Eoin 4:7-15 | 'Níl aon bhuicéad agat agus tá an tobar domhain'. |

## ÁBHAR MACHNAIMH (www.ctbi.org.uk/commentary)

- Bhí Íosa ar an gcoigríoch meánlae agus theastaigh cabhair na mná uaidh chun deoch a fháil.
- Is dóigh le roinnt mhaith Críostaithe go bhfuil na freagraí ar fad acu. Ach deire ann ár gcreideamh linn go bhfuil Dia os cionn ár dtuisceana.
- Molann tradisiúin dhúchasacha na Brasaíle dúinn a bheith ag foghlaim ó shean daoine agus ó fhiosracht na hóige.

## SMAOINEANTACHAS

Cé aige a bhfuil tuiscint ar dhoimhneacht nó ar theorannacha Dé?

Tumaimid ár mbuicéid i dtobar na beatha,
tarraingímid i leith an méid atá uainn, agus fograíonn gur againne amháin an t-uisce slánaithe.

Tá na buicéid éagsúil lena chéile,
ach tá an t-uisce mar an gcéanna.

Agus tá an tobar domhain.

## PAIDIR

a Dhia, spiorad an uisce bheo,
múinn dúinn gur léiriú iad bronntanais an duine eile
ar do rúndiamhair dhuibheagánach.
Cuir sinn inár suí ag an tobar le chéile,
ag ól do chuid uisce,
a thugann le chéile sinn san aontacht agus sa tsíocháin.
In ainm Íosa a ghuífimid. Amen.

## ÉIRIGH AGUS IMIGH (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Tóg am le do mhachnamh a dhéanamh ar na hacmhainní atá agat is féidir a roinnt le daoine eile, agus bí ag faire amach do dheis chun é sin a dhéanamh.
- Tabhair cuirí do bhaill eaglaise eile teacht agus bua éigin atá acu a roinnt libh.

# Lá 6

**Dúirt Íosa: 'an t-uisce a thabharfaidh mise dó, déanfaidh tobar uisce de istigh ann, ag brúchtaíl chun na beatha síoraí (John 4:14)**

## POINTE TOSAITHE

- Cathain a fheictear daoine ag feidhmiú mar a bheadh foinsí uisce na beatha?
- Cad iad na comhthéacsanna inar cheart do na heaglaisí labhairt d'aon ghuth?

## AN BRIATHAR – LÉAMHA

| | |
|---|---|
| Eacs 2:15-22 | Maois ag tobar Mhidián. |
| Salm 91 | Amhrán na ndaoine a théann faoi dhídean an Tiarna. |
| 1 Eoin 4:16-21 | Díbríonn an grá gan smál an eagla. |
| Eoin 4:11-15 | 'tobar uisce ag brúchtaíl chun na beatha síoraí' |

## ÁBHAR MACHNAIMH (www.ctbi.org.uk/commentary)

- Cuireann Íosa tús le hagallamh suimiúil agus é ag cur a chuid riachtanas in iúl.
- Geallann Íosa go bhfuil uisce diagach le fáil ag an té a rachaidh faoin mbaisteadh.
- Tá ár gcreideamh baiste le roinnt le daoine eile.

## SMAOINEANTACHAS

D'iarr sé uisce,
faoi mar a rinne ar an gcrois,
agus gheall sé uisce
na beatha síoraí úd
a thaosc amach
i dteannta na fola
a tháinig amach óna chliab-
hán a polladh ar mhaithe le
cneasú na náisiún.
Féach na srutháin ghlóire a
eascraíonn ó ríchathaoir na
bhflaitheas,
uisce an bhaiste,
fuil na hEocairiste.

## PAIDIR

a Dhia trí-aonta,
Nocht dúinn do ghrá agus sinn
ag leanúint sampla Íosa.
Bímis inár n-uirlisí ceartais, síochána, agus dlúthpháirtíochta.
Cuireadh do spiorad sinn ar bhóthar na ngníomhartha tromaí,
óir cuirfidh sé seo le haontacht.
Go gcuirtear droichid san áit a bhfuil na ballaí..
In ainm Íosa a ghuímid. **Amen.**

## ÉIRIGH AGUS IMIGH (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Tá níos mó ná meafar suimiúil i gceist leis an uisce, is riachtanas laethúil é chomh maith. Agus tá duine as deichniúr gan rochtain ar uisce glan ólacháin ar domhan. Bíodh teacht le chéile agaibh mar eaglais chun freagra dearfach a thabhairt ar an gceist seo.

## POINTE TOSAITHE

- An bhfuil aon slí inar shaibhrigh Críostaithe eile do thaithí ar Dhia san am a caitheadh?
- Cad is féidir le Críostaithe a fhoglaim ó aicmí creidimh eile?

## AN BRIATHAR – LÉAMHA

| | |
|---|---|
| Uimhreacha 20:1-11 | Na hIosraeilítigh ag Meiríbeá. |
| Salm 119:10-20 | 'Ní dhéanfad dearmad ar do bhriathra'. |
| Rómhánaigh 15.2-7 | 'Go dtuga Dia foighne daoibhse a bheith báúil le chéile' |
| Eoin 4:7-15 | 'Tabhair dom deoch'. |

## ÁBHAR MACHNAIMH (www.ctbi.org.uk/commentary)

- Is minic a dhéantar ár dtuiscint ar an bhfírinne a dhoimhniú nuair a bhíonn teagmháil againn le traidisiúin chreidimh eile.
- Tá toradh ár nguí curtha i lámha daoine eile ag Íosa.
- Níl aon téarma beacht ag Guaránaigh na Brasaíle ar choincheap an chreidimh; is é a deireann siad ina áit ná 'slí mhaith mhaireachtála' ('ñande reko katu'), agus chuir feadh sé seo i gcuimhne do dhuine mar a dtugtaí tráth 'An tSlí' ar an gCríostaíocht.

## SMAOINEANTACHAS

'Tabhair dom deoch',
an chéad rud a deir sé,
ag cur deireadh le díomá agus
tús le comhrá ar an scaradh,
ar a fhéiniúlacht féin,
ar nádúr an tslánaithe
agus an adhartha.

'Tabhair dom an t-uisce sin',
a thugann sí mar fhreagra air,
ag casadh a fhocal éachtach
ar ais air
lena chur in iúl mar a
slánaíodh í.

Nach beannaithe iad siúd a saibhríonn strainséir a saol ag an tobar.

## PAIDIR

A Dhia na beatha, a ghlaonn sinn chun ceartais, chun síochána,
Ná tagadh ár dtearmann ó airm, ach ó mheas.
Ná bíodh an foréigean mar neart againn, ach an grá.
Ná bíodh airgead mar léiriú ar ár gcuid saibhris, ach an fonn a bhíonn orainn a bhfuil againn a roinnt.
Ná bímis aontaithe i gcuardach na cumhachta, ach i bhfianaise leochaileach do thoilse a dhéanamh.
Bímis toilteanach agus muiníneach. Roinnimis an lá inniu agus tsíoraíocht le chéile, roinnimis arán na dlúthphháirtíocht, an cheartais, agus na síochána.
In ainm Íosa, a d'fhulaing ár gcuid foréigin, agus a thug maithiúnas dúinn go léir.
**Amen.**

## ÉIRIGH AGUS IMIGH (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Éiligh deireadh na bochtaineachta mar an chéad chéim i dtreo bhealach na síochána agus an cheartais. Bain úsáid as an acmhainn The Prophetic Church chun spreagadh a fháil mar eaglais nó mar ghrúpa eaglaisí.

# Lá 8 Chreid a lán de Shamáraigh na cathrach sin ann de bharr fhocal na mná (John 4:39)

## POINTE TOSAITHE

- Cad é an ceangal idir misean agus aontacht?
- Conas is féidir fianacht a thabhairt don aontacht Chríostaí i do phobal?

## AN BRIATHAR – LÉAMHA

| | |
|---|---|
| Eacs 3:13-15 | Maois agus an tor. |
| Salm 30 | Tugann an Tiarna ár n-anam as an uaigh. |
| Rómhánaigh 10:14-17 | 'Nach álainn iad cosa lucht fógartha an dea-scéil!' |
| Eoin 4:27-30, 39-40 | Chreid a lán daoine de bharr fhocal na mná. |

## ÁBHAR MACHNAIMH (www.ctbi.org.uk/commentary)

- Chreid a lán daoine in Íosa i ndiaidh na mná, a gcroí athraithe ó bhonn, finnéithe orthu.
- Dialóg ghrámhar le daoine eile is ea an misean, gach duine toilteanach a bheith ag foghlaim le chéile, agus meas acu ar an éagsúlacht.
- Baineann an misean le focail agus le fianacht; is minic daoine meallta leo siúd nach ndearbhaíonn a ngníomhartha a mbriathar.

## SMAOINEANTACHAS

Tá tobar uisce beo ann a chuireann áthas ar phobal Dé.

As an tobar seo a ólaimid ar fad,
ionas go mbeimid aontaithe,
agus go gcreidfidh an domhan arís.

Ní linne an tobar.

Is é an tobar an té a mheabhraigh nach seasfaidh teach atá scoilte.

Tar i leith.
Buail leis an té a d'eachtraigh gach rud atá déanta againn.

Tar agus tarraing as tobar na beatha síoraí.

## PAIDIR

a Dhia, foinse an uisce shlánaithe,
nocht dúinn an aontacht sna rudaí beaga inár saol laethúil.
Athraigh ár gcroí ó bhonn ionas go mbeimid in ann an dea-nuacht an fhógairt mar is ceart.
Múin dúinn a bheith ag caitheamh le Críostaithe eile a mbuailfimid leo faoi mar a chaithfimis leat féin.
In ainm Íosa a ghúimid. **Amen.**

## ÉIRIGH AGUS IMIGH (www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Tá an Cúnamh Críostaí ar an bhfód le seachtó bliain, agus déanfar ceiliúradh air sin i mbliana. Seachtó bliain d'eaglaisí éagsúla ag obair i gcomhar le chéile chun deireadh a chur leis an leis an mbochtanas.

Ealaín na himlíne: Shutterstock.com/Smit